Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**11187/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0160 (NLE)**

**UD 192**
**COASI 116**
**POLCOM 240**
**ASIE 28**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 297 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Chustam arna bhunú faoin gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór a mhéid a bhaineann le glacadh an chinnidh maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do Chlár Shingeapór um Chomhpháirtíocht Trádála Sláine Plus agus do Chlár Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe an Aontais Eorpaigh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 297 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 297 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.6.2026
COM(2026) 297 final

2026/0160 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Chustam arna bhunú faoin gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór a mhéid a bhaineann le glacadh an chinnidh maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do Chlár Shingeapór um Chomhpháirtíocht Trádála Sláine Plus agus do Chlár Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe an Aontais Eorpaigh**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Chustam arna bhunú faoin gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór a mhéid a bhaineann le glacadh beartaithe an chinnidh maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do Chlár Shingeapór um Chomhpháirtíocht Trádála Sláine Plus agus do Chlár Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe an Aontais Eorpaigh.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór

Thug an tAontas an Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór[1] (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta) i gcrích trí bhíthin Chinneadh (AE) 2019/1875 ón gComhairle, agus tháinig sé i bhfeidhm an 21 Samhain 2019.

Maidir le comhar custaim, tá sé d'aidhm ag an gComhaontú comhar idir na Páirtithe a fheabhsú i roinnt réimsí lena n-áirítear aitheantas frithpháirteach a bhunú, i gcás inarb iomchuí, maidir lena gcláir comhpháirtíochta trádála faoi seach, lena n-áirítear gnéithe amhail tarchur sonraí agus tairbhí arna gcomhaontú go frithpháirteach. Le Tuiscint 4 sa Chomhaontú, iarrtar ar na Páirtithe oibriú i dtreo aitheantas frithpháirteach dá gcláir Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe faoi seach agus teacht ar chomhaontú maidir leis an aitheantas sin.

### 2.2. An Coiste um Chustam

Is coiste speisialaithe é an Coiste um Custam a bunaíodh de bhun Airteagal 16.2 den Chomhaontú. De bhun Airteagal 6.17 den Chomhaontú, áiritheoidh sé feidhmiú cuí Chaibidil 6 maidir le hÉascú Custaim agus Trádála agus forálacha eile den Chomhaontú a bhaineann le custam. Foráiltear go sonrach i Mír 2 d'Airteagal 6.17 den Chomhaontú go bhféadfaidh na Páirtithe cinntí a dhéanamh sa Choiste um Chustam maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do chláir comhpháirtíochta trádála agus foráiltear go sonrach i dTuiscint 4 den Chomhaontú go dtiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt dá gcláir faoi seach trí chinneadh ón gCoiste um Chustam. I Litir (d) de Mhír 2 d'Airteagal 6.3 den Chomhaontú iarrtar ar na Páirtithe aitheantas frithpháirteach a bhunú, i gcás inarb iomchuí, maidir le cláir comhpháirtíochta trádála, lena n-áirítear gnéithe amhail tarchur sonraí agus tairbhí arna gcomhaontú go frithpháirteach.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gCoiste um Chustam

Le linn an dara cruinniú den Choiste um Chustam in 2026, tá an Coiste le cinneadh a ghlacadh maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do Chlár Shingeapór um Chomhpháirtíocht Trádála Sláine Plus agus do Chlár Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe an Aontais.

Is é is cuspóir don Chinneadh ón gCoiste um Chomhar Custaim (an gníomh atá beartaithe) foráil a dhéanamh maidir le haitheantas frithpháirteach idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór ar a gcláir comhpháirtíochta trádála faoi seach.

---

[1] Cinneadh (AE) 2019/1875 ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór (IO L 294, 14.11.2019, lch. 1).

Tá comhpháirtíocht trádála i bhfeidhm ag an Aontas Eorpach agus ag Poblacht Shingeapór araon lena gcuirtear éascuithe ar fáil d'oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil infheistíocht déanta acu ina slándáil slabhra soláthair agus atá deimhnithe ag údaráis chustaim an Bhallstáit faoi seach san Aontas agus i bPoblacht Shingeapór. Slándáil, sábháilteacht, agus éascú na slabhraí soláthair trádála idirnáisiúnta, is féidir iad sin a fheabhsú trí aitheantas frithpháirteach a thabhairt dá gcuid clár comhpháirtíochta trádála faoi seach, go háirithe an chuid slándála de Chlár Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe an Aontais Eorpaigh agus de Chlár Shingeapór um Chomhpháirtíocht Trádála Sláine Plus. Cuirfidh sé ar chumas na n-údarás custaim san Aontas agus i bPoblacht Shingeapór araon rialuithe teorann níos éifeachtaí a chur chun feidhme agus trádáil dhlisteanach a éascú an tráth céanna.

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na Páirtithe i gcomhréir le mír 1 d'Airteagal 16.4 den Chomhaontú, lena bhforáiltear go bhféadfaidh na Páirtithe cinntí a dhéanamh sa Choiste Trádála nó i gcoiste speisialaithe, i gcás ina bhforáiltear dó sin sa Chomhaontú. Foráiltear i mír 2 d'Airteagal 6.17 den Chomhaontú go bhféadfaidh an Coiste um Chustam, ar coiste speisialaithe é, cinntí a dhéanamh maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do chláir comhpháirtíochta trádála. Beidh na cinntí a ghlacfaidh coiste speisialaithe den chineál sin ina gceangal ar na Páirtithe, agus déanfaidh siad na bearta is gá chun na cinntí sin a chur chun feidhme. Cuirfidh an Coiste um Chustam Rialacha Nós Imeachta an Choiste Trádála i bhfeidhm[2], go háirithe Riail 9 agus Riail 13, agus an gníomh atá beartaithe á ghlacadh aige.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do chláir chomhpháirtíochta trádála, feabhsaítear slándáil an tslabhra soláthair ó cheann go ceann agus éascaítear trádáil dhlisteanach. Comhdhlúthaítear leis an cur chuige a comhaontaíodh i gCreat Caighdeán na hEagraíochta Domhanda Custaim chun Trádáil a Áirithiú agus a Éascú ('Creat SAFE'). Tugtar aghaidh leis ar éileamh an phobail gnó san Aontas Eorpach agus ar fud an domhain go gcuirfí caighdeáin chun feidhme ar bhealach comhchosúil chun iomadú ceanglas agus cleachtas tírshonrach a sheachaint.

Is éard a bhí i gceist leis an gcomparáid dhomhain idir Clár Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe an Aontais Eorpaigh agus Clár Shingeapór um Chomhpháirtíocht Trádála Sláine Plus comparáid dhlíthiúil agus cuairteanna bailíochtaithe cómhalartacha ar an láthair in dhá Bhallstát den Aontas Eorpach agus i bPoblacht Shingeapór chun measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht chur chun feidhme praiticiúil na gcritéar sábháilteachta agus slándála ina gcláir comhpháirtíochta trádála faoi seach. Tugadh an measúnú ar choibhéis Chlár Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe an Aontais Eorpaigh agus Chlár Shingeapór um Chomhpháirtíocht Trádála Sláine Plus i gcrích in 2023 agus léiríodh leis go bhfuil na caighdeáin cháilíochta chun críoch slándála agus sábháilteachta an dá chlár comhpháirtíochta trádála faoi seach comhoiriúnach agus go mbíonn torthaí agus tairbhí coibhéiseacha d'oibreoirí eacnamaíocha mar thoradh orthu.

Tá an Coimisiún Eorpach agus údaráis inniúla Phoblacht Shingeapór den tuairim, trí aitheantas frithpháirteach a thabhairt dá gcláir comhpháirtíochta trádála faoi seach, go bhféadfaí tairbhí a chur ar fáil d'oibreoirí eacnamaíocha a rinne infheistíocht i slándáil a slabhra soláthair agus atá deimhnithe faoina gcláir comhpháirtíochta trádála faoi seach.

[2] Cinneadh (AE) 2022/1976 ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2022 maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, sa Choiste Trádála arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Choiste Trádála a ghlacadh (IO L 271, 19.10.2022, lch. 17).

Is é an gníomh atá beartaithe an bunús dlí le haghaidh aitheantas frithpháirteach idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór dá gcláir comhpháirtíochta trádála faoi seach.

An seasamh atá le glacadh ag an Aontas sa Choiste um Chustam maidir le glacadh an ghnímh atá beartaithe, ba cheart don Chomhairle an seasamh sin a bhunú.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

*4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear *'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'*

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[3].

*4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Coiste um Chustam a cuireadh ar bun trí chomhaontú, is é sin an Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór.

An gníomh a iarrtar ar an gCoiste um Chustam a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le mír 1 d'Airteagal 16.4 arna léamh i gcomhar le mír 2 d'Airteagal 6.17 den Chomhaontú.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is leis an gcomhbheartas tráchtála a bhaineann príomhchuspóir agus inneachar an ghnímh atá beartaithe.

[3] Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207(4) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go mbeidh an gníomh ón gCoiste um Chustaim infheidhme ag an dá Pháirtí, lena n-áirítear an tAontas agus a Bhallstáit, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2026/0160 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Chustam arna bhunú faoin gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór a mhéid a bhaineann le glacadh an chinnidh maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do Chlár Shingeapór um Chomhpháirtíocht Trádála Sláine Plus agus do Chlár Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe an Aontais Eorpaigh

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór ('an Comhaontú') i gcrích trí bhíthin Chinneadh (AE) 2019/1875 ón gComhairle[4].

(2) In Airteagal 6.3 den Chomhaontú, iarrtar ar na Páirtithe aitheantas frithpháirteach a bhunú, i gcás inarb iomchuí, maidir le cláir comhpháirtíochta trádála, lena n-áirítear gnéithe amhail tarchur sonraí agus tairbhí arna gcomhaontú go frithpháirteach.

(3) De bhun mhír 2 d'Airteagal 6.17 agus mhír 1 d'Airteagal 16.4 den Chomhaontú, féadfaidh an Coiste um Chustam cinntí a ghlacadh maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do chláir comhpháirtíochta trádála.

(4) An Coiste um Chustam, le linn an dara cruinniú de in 2026, nó trí nós imeachta i scríbhinn i gcás ina gcomhaontaíonn na Páirtithe leis sin, tá sé le cinneadh a ghlacadh maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do Chlár Shingeapór um Chomhpháirtíocht Trádála Sláine Plus agus do Chlár Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe an Aontais.

(5) Is iomchuí an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais sa Choiste um Chustam a bhunú ós rud é go mbeidh an cinneadh maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do Chlár Shingeapór um Chomhpháirtíocht Trádála Sláine Plus agus do Chlár Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe an Aontais ina cheangal ar an Aontas.

(6) Slándáil agus sábháilteacht, agus éascú an tslabhra soláthair trádála idirnáisiúnta, is féidir iad sin a fheabhsú trí aitheantas frithpháirteach a thabhairt dá gcuid clár comhpháirtíochta trádála faoi seach, is iad sin Clár Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe an Aontais Eorpaigh agus Clár Shingeapór um Chomhpháirtíocht Trádála Sláine Plus.

(7) Tá an dá chlár comhpháirtíochta trádála faoi seach bunaithe ar chaighdeáin slándála a aithnítear ar fud an domhain agus a mholtar sa Chreat Caighdeán SAFE chun an

---

[4] Cinneadh (AE) 2019/1875 ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór (IO L 294, 14.11.2019, lch. 1).

Trádáil Dhomhanda a Áirithiú agus a Éascú ar ghlac an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim é i mí an Mheithimh 2005 ('Creat SAFE').

(8) Is léir ó chuairteanna ar an láthair agus meastóireacht chomhpháirteach ar an gClár Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe san Aontas Eorpach agus ar an gClár um Chomhpháirtíocht Trádála Sláine Plus i bPoblacht Shingeapór go bhfuil a gcuid caighdeán cáilíochta, chun críoch slándála agus sábháilteachta, comhoiriúnach agus go mbíonn torthaí coibhéiseacha mar thoradh orthu,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcruinnithe an Choiste um Chustam faoin gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do Chlár Shingeapór um Chomhpháirtíocht Trádála Sláine Plus agus do Chlár Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe an Aontais Eorpaigh, bunófar an seasamh sin ar an dréachtchinneadh ón gCoiste um Chustam atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*